



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/183 ÓN gCOIMISIÚN
an 31 Eanáir 2025

Iena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/53 a mhéid a bhaineann le huaschion molta na substainte gníomhaí in ábhar beatha iomlán de bhreiseán beathaithe ina bhfuil aigéad naonánóch le haghaidh catagóirí muc éanlaithe clóis áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a mhodhnú.
- (2) Údaráíodh aigéad naonánóch ar feadh 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/53 ón gCoimisiún ⁽²⁾.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim a eisiúint i dtaobh an gcomhlíonfadh údarú aigéad naonánóch mar bhreiseán beathaithe fós na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 dá ndéanfaí modhnú ar théarmaí an údaráithe sin. Baineann an modhnú le méadú ar an uaschion a mholtar i mbreiseán beathaithe ina bhfuil aigéad naonánóch. Bhí na sonraí tacaíochta ábhartha ag gabháil leis an iarraidh.
- (4) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 1 Feabhra 2024 ⁽³⁾ go bhfuil aigéad naonánóch sábháilte le haghaidh gach éanlaithe clóis lena ramhrú, le haghaidh gach éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin, le haghaidh gach *Suidae* lena ramhrú agus le haghaidh bainbh diúil agus bainbh scoite de gach *Suidae* ag 100 mg/kg de bheatha. Ina theannta sin, tháinig sé ar an gconclúid nach ndéanadh an modhnú ar an údarú atá ann cheana don bhreiseán modhnú ar na conclúidí maidir le sábháilteacht an tomhaltóra agus an chomhshaoil ar thángthas orthu sa tuairim uaidh an 5 Aibreán 2013 ⁽⁴⁾. Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil aigéad naonánóch aitheanta mar bhlastán bia agus go mbeadh an fheidhm chéanna aige i mbeatha, go bunúsach, agus atá aige i mbia, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. Ní raibh an tÚdarás in ann conclúid a tharraingt maidir le greannachas an bhreiseáin don chraiceann agus do na súile ná maidir leis an iógrú deirmeach agus riospráide a d'fhéadfadh sé a dhéanamh.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ IO L 13, 17.1.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/53/oj.

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2024;22(2):e 8642.

⁽⁴⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2013;11(4):3169.

- (5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann údarú na hullmhóide d'aigéad naonánóch mar bhreiseán beathaithe fós na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 agus méadú á dhéanamh ar an uasleibhéal cuimsithe de bhreiseán beathaithe ina bhfuil aigéad naonánóch ó 5 go 100 mg/kg d'ábhar beatha iomlán le haghaidh gach éanlaithe clóis lena ramhrú, le haghaidh gach éanlaithe clóis a thógtar le bheith ina bhéaróg nó le haghaidh pórúcháin, le haghaidh gach *Suidae* lena ramhrú, agus le haghaidh bainbh diúil agus bainbh scoite de gach *Suidae*.
- (6) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/53 a leasú dá réir sin.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/53

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/53, san iontráil le haghaidh aigéad naonánóch, san ochtú colún 'forálacha eile', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú pointe 'Is é 5 mg/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % an t-uaschion a mholtar don tsubstaint ghníomhach:

'Is é seo a leanas uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %:

- 100 mg le haghaidh gach speicis d'éanlaith chlóis lena ramhrú;
- 100 mg le haghaidh gach speicis d'éanlaith chlóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin;
- 100 mg le haghaidh bainbh uile *Suidae* (bainbh diúil agus scoite);
- 100 mg le haghaidh gach *Suidae* lena ramhrú;
- 5 mg le haghaidh speicis agus catagóirí eile ainmhithe.'

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN